

GNÍOMHAÍOCHT 3. CÉ CHOMH DLÚTH AGUS ATÁ SIN?

Go dtí seo, smaoinigh tú ar an méid dramhaíola atá á tháirgeadh (líon na mboscaí bruscair) agus meáchan na dramhaíola atá á tháirgeadh i suíomhanna éagsúla i do scoil. Sa chéad chuid eile de do staidéar, ba chóir duit an dá rud seo a nascadh le chéile le feiceáil an bhfuil ciall leo!

Ar chuala tú an cheist riamh, “Cé acu is troime: cileagram cleití nó cileagram cruach?” Ar ndóigh is é freagra na ceiste ná go bhfuil an meáchan céanna acu araon, cé go mbímid ag smaoiniamh go bhfuil cleití éadrom agus go bhfuil cruach trom!


Nuair a smaoinímid air, áfach, tuigimid go mbaineann an “éadroime” seo le hairí difriúil, ar a dtugtar “DLÚS”, rud a chiallaíonn go bunúsach an meáchan atá ag ábhair dhifriúla den toirt céanna. Léiríonn an t-airí seo an fáth gur féidir le longa déanta as cruach snámh ar bharr an uisce, agus an fáth gur féidir le balúin aeir bheith ar foluain thuas sa spéir!

Tá an dlús tábhachtach inár bhfiosrúchán mar tá sé de nós againn a rá, “cé chomh lán is atá ár mbosca bruscair?”

Chun an chiall atá le “trom” a thabhairt le chéile leis an gciall atá le “lán”, ní mór dúinn ár gcuid scileanna eolaíochta bleachtairachta a úsáid, agus chun é sin a dhéanamh ní mór dúinn an dlús a bheith ar eolas againn.

Tá airí ábhair chomh tábhachtach sin go bhfuil torthaí a bhfiosrúcháin féin maidir le dlús dramhaíola éagsúla foilsithe ag an gClár Gníomhaíochta um Dhramhaíola agus Acmhainní (WRAP).

Sa tuairisc a d’fhoilsigh WRAP, feicimid go bhfuil dlús ag dramhaíl phlaisteach mheasctha de 22 kg i ngach m^3 – is éard is m^3 ná bosca ina bhfuil fad, doimhneacht agus airde 1 méadar acu go léir – rud atá mór go leor! Níl bosca bruscair ar rothaí ach 10% níos mó ná sin – agus tá sé sin chóir a bheith chomh mór céanna agus ceithre cinn de na boscaí bruscair atá le fáil i go leor tithe.



Beidh do mhúinteoirí in ann a thaispeáint duit conas is féidir leat an luach dlúis agus an mhatamaitic a úsáid le meáchan do dhramhaíola a ríomh má tá an toirt ar eolas agat, chomh maith le toirt do dhramhaíola, má tá an meáchan ar eolas agat – is iad seo an cineál ríomhanna a dhéanann eolaithe gairmiúla gach lá!



An raibh a fhios agat?

D'fhéadfadh go gcosnódh sé an oiread céanna airgid bosca bruscair atá lán le dramhaíl phlaisteach a fholmhú agus a chosnaíonn sé an meáchan céanna bainne úr a cheannach?

Don chuid seo den fhiosrúchán, bailigh d'fhianaise féin ar dhlús na dramhaíola plaistigh tipiciúla thart faoi do theach agus do scoil. Faigh go leor samplaí agus ansin déan iad a chothromú. Má tá difríochtaí móra idir na turgnaimh éagsúla scríobh síos cén fáth ar tharla sé seo. Cuir do chuid sonraí i láthair i nótaí cáis d'fhiosrúcháin deiridh mar thábla nó mar chairt agus déan cur síos ar na bealaí cliste a d'fhéadfá a úsáid chun toirt na dramhaíola plaistigh a tháirgtear a laghdú.

COSTAS NA DRAMHAÍOLA A CHUR SUAS!



Tá diúscairt dramhaíola costasach! Agus tú ag úsáid na sonraí atá faighte agat cheana féin, agus an t-eolas a bheidh do mhúinteoir in ann a thabhairt duit faoin gcostas a bhaineann le fáil réidh le dramhaíl, ba chóir go mbeifeá in ann meáchan na dramhaíola a bhailítear ó shuíomhanna éagsúla de do scoil a thiontú ina toirt mheasta, agus é seo a úsáid chun a ríomh cé mhéad a chosnaíonn sé seo ar do scoil gach bliain!

